# FÓGRA POIBLÍ

## AN COMHCHOISTE OIBREACHAIS UM SHEIRBHÍS LUATHBHLIANTA

**De réir alt 42A den Acht Caidrimh Thionsclaíoch, 1946 (Uimh. 26 de 1946), cheap an Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta tograí deiridh an 19 Deireadh Fómhair 2026 chun Ordú Rialaithe Fostaíochta a dhéanamh lena socraítear an luach saothair íosta reachtúil agus coinníollacha fostaíochta d'Oideoirí Luathbhlianta, Cleachtóirí Cúraim Leanaí in Aois Scoile (SAC), Príomhoideoirí Ceaptha (Ceannairí Seomra), Príomhoideoirí Ceaptha Iarchéime (Ceannairí Seomra), Comhordaitheoirí Ceaptha Cúraim Leanaí in Aois Scoile (SAC), Comhordaitheoirí Ceaptha Iarchéime Cúraim Leanaí in Aois Scoile (SAC), Leas-Bhainisteoirí/Bainisteoirí Cúnta, Bainisteoirí Ionaid agus Bainisteoirí Ionaid Iarchéime.**

Agus aird ar fhorálacha alt 42B(1) den Acht Caidrimh Thionscail, 1946, tugann an Comhchoiste Oibreachais um Sheirbhís Luathbhlianta fógra leis seo de na tograí seo.

Tá cóipeanna de na tograí, ar iarratas an Chomhchoiste Oibreachais, ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cúirte Oibreachais, vwww.labourcourt.ie.

Aon duine ar mian leo uiríll a chur faoi bhráid an Chomhchoiste Oibreachais maidir leis na tograí, ba cheart dóibh é sin a dhéanamh i bhfoirm aighneachta i scríbhinn faoi **5.00 i.n. an 25 Samhain 2026.**

Ba cheart uiríll a sheoladh tríd an bpost chuig

**An Rúnaí, An Chúirt Oibreachais,**
**Áras Lansdún, Bóthar Lansdún,**
**Baile Átha Cliath 4,**

**nó ar ríomhphost go jlcsecretary@enterprise.gov.ie.**

Ní bhreithneofar uiríll a fhaightear i ndiaidh an dáta sin.